



AN COIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH
TAX APPEALS COMMISSION

Tuarascáil Bhliantúil 2025



Clár ábhair

Ráiteas an Chathaoirligh	1
Buaicphointí 2025	3
Staitisticí Ceannlíne 2025.....	4
Roghbhliúire ar Achomhairc i 2025	8
Príomh-Aschuir	10
An Comhthéacs agus Táscairí Tionchair.....	11
Forléargas ar Achomhairc	12
Achomhairc a Fuarthas i 2025.....	13
Achomhairc a Dúnadh i 2025.....	14
Achomhairc atá liostaithe lena n-éisteacht i 2025.....	15
Cinntí a Eisíodh.....	17
Cásanna Sonraithe.....	18
Comhdhálacha Bainistíochta Cáis i 2025	19
Achomhairc – Príomhchineálacha Cánach	20
Cineálacha Cánach Éagsúla.....	23
Forléargas ar Achomhairc ar láimh amhail an 31 Nollaig 2025.....	24
Líon na nAchomhairc a Fuarthas in aghaidh na Bliana a Fuarthas.....	25
Achomhairc ‘Ar Feithimh’ agus Achomhairc ‘Chomhdhlúite’	26

Rialachas agus Riarachán Ginearálta.....	27
Bonn Reachtúil agus Feidhmeanna an Choimisiúin.....	28
Rialachas agus Riarachán Ginearálta.....	28
Soláthar foirne.....	28
Bainistíocht Riosca.....	28
An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca.....	28
Iniúcháireacht Inmheánach.....	29
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.....	29
Gníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí.....	29
Acht na dTeangacha Oifigiúla.....	30
Tuarascálacha Alt 21.....	30
Saoráil Faisnéise.....	30
Cosaint Sonraí.....	30
Nochtadh Cosanta.....	30
An tAcht um Chomhionannas agus Cearta an Duine.....	30
Soláthar.....	31
Teicneolaíocht Faisnéise.....	31
Windows 11.....	31
Éisteachtaí Cianda.....	31
Maoiniú agus Caiteachas.....	31
Aguisín 1.....	32
Cairt Eagraíochtúil.....	33
Aguisín 2.....	34
An Coiste Bainistíochta agus Rialachas.....	35

Ráiteas an Chathaoirligh

Bíonn an Coimisiún um Achomhairc Chánach (“an Coimisiún”) á thiomáint ag a mhisean próiseas achomhairc nua-aimseartha, neamhspleách agus éifeachtúil a chur ar fáil, agus a chroíluachanna maidir le neamhspleáchas, neamhchlaontacht, éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus trédhearcacht á threorú agus mar bhonn faoina ghnóthaí. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an Coimisiún éifeachtach agus inrochtana do gach achomharcóir.

Tá an tiomantas sin léirithe sa chaoi ar lean an Coimisiún air ag infheistiú ina bhonneagar TF, agus é ag iarraidh a bheith nuálaíoch ina fheachtas i gcomhair éifeachtúlachta agus inrochtaineachta. Áiríodh leis sin feabhsuithe ar theicneolaíochtaí cianéisteachta, gnéithe inrochtaineachta ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus Windows 11 a shuiteáil a fheabhsaíonn agus a neartaíonn athléimneacht bhonneagar an Choimisiúin. Leanfaidh an Coimisiún de nuáil a dhéanamh trí úsáid na teicneolaíochta.

In 2025, rinne an Coimisiún iniúchadh ar a chóras bainistíochta cásanna inmheánach, a tugadh isteach in 2023. Fuarthas amach san iniúchadh sin gur thug an córas bainistíochta cáis luach ar airgead, ag soláthar *“buntáistí suntasacha oibríochtúla agus straitéiseacha, ag teacht go hiomlán le cuspóirí an Choimisiúin maidir le héifeachtúlacht, rialachas agus comhlíonadh.”*

Ó thaobh na hoibríochta de, ba bhliain rathúil eile í 2025 don Choimisiún. San iomlán, dhún an Coimisiún 1,286 achomharc, agus chuir sé €605 milliún ar ais isteach sa Státchiste nó sa gheilleagar. Don seachtú bliain as a chéile, dhún an Coimisiún níos mó achomharc ná mar a fuair sé, agus laghdaigh líon na n-achomharc a bhí ar láimh ó 714 go 620, an líon is ísle ó bunaíodh an Coimisiún. Ós rud é go bhfaigheann an Coimisiún thart ar 1,200 achomharc gach bliain, léiríonn an figiúr sin thart ar shé mhí d’obair idir lámha, ar figiúr suntasach é d’aon chomhlacht cinnteoireachta. In 2025, shocraigh an Coimisiún 237 éisteacht agus d’eisigh sé 216 socrú agus 74 cinneadh. Bhí castacht mhéadaitheach na n-achomharc maidir le ceanteidil chánach iolracha agus tagairt do dhlí na hEorpa fós ina threocht in 2025.

Braitheann rath oibríochtúil an Choimisiúin ar go leor páirtithe leasmhara. Gabhaim buíochas leis na hAirí Airgeadais roimhe seo, an tUasal Jack Chambers T.D. agus an tUasal Paschal Donohoe. Guím gach rath ar an Uasal Donohoe ina ról idirnáisiúnta nua, Stiúrthóir Bainistíochta agus Príomhoifigeach Eolais an Bhainc Dhomhanda. Gabhaim an buíochas céanna freisin leis an Aire Airgeadais (agus an Tánaiste) atá ann faoi láthair, an tUasal Simon Harris T.D. as a thacaíocht leanúnach don Choimisiún.

Tugtar buíochas freisin don Ard-Rúnaí, an tUasal John Hogan agus d’fhoireann na Roinne Airgeadais as a dtacaíocht agus ár neamhspleáchas á urramú i gcónaí. Tá mé faoi chomaoin freisin as tacaíocht an Uasail Barry Lowry, Príomhoifigeach Faisnéise agus a fhoireann ag an OGCIO, an Uasail Séamus McCarthy, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a fhoireann, agus an Uasail Gerard Moran, Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, agus a chomhartaí, Mary Griffin Uasal, Wendy Kennedy Uasal agus Éimear Fisher Uasal. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na baill atá ag dul as oifig, Mary Griffin agus Wendy Kennedy as a seirbhís eiseamláireach agus ba mhaith liom fáilte a chur roimh na baill atá ag teacht isteach, Michael Dodd agus Caoimhe Rose.

Lean an Coimisiún air ag plé go dearfach lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár n-úsáideoirí seirbhíse. Ina measc sin tá iar-Uachtarán Institiúid Chánachais na hÉireann, an tUasal Aoife Lavan agus an tUachtarán nua, an tUasal Shane Wallace, chomh maith le Comhairle agus le comhartaí na hInstitiúide, Coiste Cánach na gCuntasóirí Cairte,

Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim, an tUasal Niall Cody, a chomhghleacaithe Coimisinéirí Ioncaim agus a fhoireann, Príomhoifigeach an Bhiúró, an tArd-Cheannfort an tUasal Michael Gubbins agus a fhoireann ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, an Cumann Barra Cánach, na comhpháirtithe agus an fhoireann go léir sna gnólachtaí dlí, cleachtóirí cánach, cuntasóirí, comhairleoirí dlí inmheánacha agus abhcóidí ar fud na hÉireann agus i ndlínsí eile agus an pobal i gcoitinne, a bhfreastalaímid orthu.

Ar deireadh, tá bunaíocht an-bheag ag an gCoimisiún de 33 ball foirne, comhdhéanta de Choimisinéirí Achomhairc agus baill foirne riaracháin a ghlacann orthu féin an obair a léirítear sna staitisticí faoi iamh. Gabhaim buíochas ó chroí leis na Coimisinéirí Achomhairc agus leis an bhfoireann araon as a ngairmiúlacht, a dtiomantas agus a seirbhís don phobal, mar gan iad ní bheadh éachtaí 2025 inbhainte amach.

“ Ó thaobh na hoibríochta de, ba bhliain rathúil eile í 2025 don Choimisiún. San iomlán, dhún an Coimisiún 1,286 achomharc, agus chuir sé €605 milliún ar ais isteach sa Státchiste nó sa gheilleagar. Don seachtú bliain as a chéile, dhún an Coimisiún níos mó achomharc ná mar a fuair sé. ”

Buaicphointí 2025

Dúnadh
1,286
achomharc
ar luach **€605**
milliún



Titim 13% ar
líon na n-achomharc
idir lámha ó 2024
Ó 714 síos go 620
ar luach **€544**
milliún



237 éisteacht
sceidealaithe
(**96** go cianda)
ar luach
€495
milliún



216
cinneadh eisithe
ar luach
€32
milliún



1,192
achomharc faighte
dar luach
€765 milliún




Méadú 62% ar éisteachtaí
atá sceidealaithe go cianda
ó 2024 Ó 59 go 96



Méadú 20% ar chinntí a
eisíodh ó 2024
Ó 180 go dtí 216

Staitisticí Ceannlíne 2025

Miondealú ar 620 achomharc ar Láimh ag Deireadh na Bliana



Achomhairc ar Láimh amhail an 31/12/25, lúide iad siúd "Ar Feitheamh" nó "Comhdhlúite" **429**



15,080

Ríomhphoist
Faighte



**Teagmhálacha
Poiblí**



12,148

Ríomhphoist
Faighte

844

Iarratais ar
Fhaisnéis Bhreise



1,492

Ráitis ar an
gCás a Iarradh



785

Nuashonruithe Iarrtha




Treochtaí Achomhairc sa Choimisiún ó bunaíodh é


Achomhairc idir Lámha amhail Deireadh na Bliana

2016-2025 de réir Bliana/Catagóir


■ 2025 ■ 2024 ■ 2023 ■ 2022 ■ 2021 ■ 2020 ■ 2019 ■ 2018 ■ 2017 ■ 2016
 ■ Réamhbhunaithe ■ Oidhreacht



Achomhairc Faighte v Dúnta ó 2016




Candam na nAchomhairc Faighte v. Dúnta ó 2016 (€m)




Staid reatha an Choimisiúin

Miondealú Achomhairc Oscailte
Iomlán 620




Miondealú Candamach Achomhairc
Oscailte Iomlán €544m (€m)



- Oidhreacht
- 2016
- 2019
- 2022
- 2025
- Réamhbhunaithe
- 2017
- 2020
- 2023
- 2021
- 2024


Forbairtí in 2025

Achomhairc Faighte v. Dúnta de réir Míosa 2025




Achomhairc a Dúnadh i 2025

Achomhairc a Dúnadh
Iomlán 1,286




Miondealú Candamach
Achomhairc a Dúnadh Iomlán €605m



- Oidhreachta
- 2016
- 2019
- 2022
- 2025
- Réamh-
bhunaithe
- 2017
- 2020
- 2023

Cúis le Dúnadh Achomharc i 2025



Roghbhlúire ar Achomhairc in 2025

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas líon na n-achomharc atá idir lámha ag deireadh na bliana agus an comhfhreagras a eisíodh in 2025:

Bliain / Catagóir	Líon na nAchomharc ar Láimh ag deireadh 2024	Líon na nAchomharc a Dúnadh in 2025	Líon na nAchomharc ar Láimh ag deireadh 2025
Cásanna Oidhreachta*	82	60	22
Cásanna Réamhbhunaithe**	10	4	6
2016	19	6	13
2017	26	8	18
2018	65	56	9
2019	21	7	14
2020	10	7	3
2021	17	11	6
2022	14	7	7
2023	59	43	16
2024	391	331	60
2025		746	446
Iomlán	714	1,286	620

* Is ionann Achomhairc Oidhreachta agus achomhairc a rinneadh go díreach leis na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

** Is ionann Achomhairc Réamhbhunaithe agus achomhairc a bhí idir lámha in Oifig an Choimisinéara Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún.

Chomh maith le 1,286 achomharc arna luacháil ag €605m a dhúnadh i 2025, rinne an Coimisiún an méid seo a leanas freisin:

Eisíodh 784 iarratas ar ráiteas cáis ó achomharcóirí i ndáil le 581 achomharc aonair agus 708 iarratas ón mBíúró Coimisinéirí Ioncaim/Sócmaínní Coiriúla ("CAB"), a bhaineann le 583 achomharc aonair.

Eisíodh 407 iarratas ag lorg breac-chuntas ar argóintí ó achomharcóirí i ndáil le 244 achomharc aonair agus 29 iarratas chuig na Coimisinéirí Ioncaim/CAB, a bhaineann le 23 achomharc aonair.

Lorgaíodh faisnéis bhreise ar 777 ócáid ó achomharcóirí, i ndáil le 395 achomharc aonair agus ar 67 ócáid ó na Coimisinéirí Ioncaim/CAB, a bhain le 61 achomharc aonair.

Deonaíodh 211 iarratas ar shíneadh ama chun cloí le treoir a d'eisigh an Coimisiún chuig achomharcóirí i ndáil le 151 achomharc aonair agus 23 iarratas chuig na Coimisinéirí Ioncaim/CAB, a bhaineann le 22 achomharc aonair.

Deonaíodh iarratas ar bhac in imeachtaí ar 172 ócáid d'achomharcóirí i ndáil le 119 achomharc aonair agus ar dhá ócáid chuig na Coimisinéirí Ioncaim/CAB.

■ Lorgaíodh nuashonruithe ar 762 ócáid ó achomharcóirí, i ndáil le 535 achomharc aonair agus ar 23 ócáid ó na Coimisinéirí Ioncaim/CAB, a bhain le 21 achomharc aonair.

■ Reáchtáladh 9 gComhdháil Bainistíochta Cáis (“CBCanna”) ar luach €3m (ar achomhairc chianda 5 díobh).

■ Liostaíodh 237 éisteacht i ndáil le 336 achomharc (ar achomhairc chianda 96 díobh) ar luach €495m.

■ Eisíodh 216 cinneadh maidir le 239 achomharc ar luach €32m.

■ Eisíodh 74 cinneadh i scríbhinn.

■ Tháinig laghdú 13% ar líon iomlán na n-achomharc idir lámha go 620.

Comhfhreagras arna eisiúint ag an gCoimisiún maidir le hAchomhairc a Chur Chun Cinn i 2025

	Achomharcóir	Na Coimisinéirí Ioncaim	Iomlán
Líon na Síntí a Ceadaíodh	211	23	234
Líon na nIarratas ar Fhaisnéis Bhreise	777	67	844
Líon na nIarratas ar Feitheamh/a Bacadh a Ceadaíodh	172	2	174
Líon na Ráiteas Cáis a Iarradh	784	708	1,492
Líon na nAchoimrí ar Argóintí a Iarradh	407	29	436
Líon na Nuashonruithe a Iarradh	762	23	785



Príomh-Aschuir

Príomh-Aschuir

Is é cuspóir an Choimisiúin a chuid oibleagáidí faoin Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 agus faoin Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (“TCA 1997”) a chomhlíonadh, agus ar an gcaoi sin a chinntiú gur féidir le gach cáiníocóir a gceart achomhairc a fheidhmiú, i gcás inarb iomchuí, chuig comhlacht neamhspleách i gcoinne chinntí agus mheasúnuithe na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Choimisiúin Ioncaim.

Soláthraíonn na príomh-aschuir agus na príomhghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí seo a leanas faisnéis feidhmíochta chun tacú leis an gCoimisiún na haschuir agus na torthaí ó chaiteachas poiblí a mheas.

Táscaire	2022	2023	2024	2025	Spríoc Aschuir 2026
Achomhairc Chánach a Phróiseáil					
Líon na gCinntí a Eisíodh	190	175	180	216	120
Líon na nAchomhairc idir Lámha ag deireadh na bliana	1,504	1,141	714	620	550
Líon na nÉisteachtaí Sceidealaithe*	553	411	280	237	180
Candam na nAchomhairc idir Lámha	€1.3bn	€531m	€383m	€544m**	€500m
Cumas Eagraíochtúil					
Líon na mBall Foirne ag an gCoimisiún	33	32	33	33	36
Buiséadú Comhionannais					
Líon na nÉisteachtaí Cianda a Tairgeadh	553	411	280	237	180

* Bhí líon na n-éisteachtaí sceidealaithe i 2025 níos ísle ná an bhliain roimhe sin mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- Tá achomhairc anois níos casta, agus na cineálacha éagsúla ceannnteideal cánach á ndíospóid i gcásanna aonair.
- Le titim in achomhairc ar láimh, tá níos lú achomhairc ann a dteastaíonn éisteacht uathu.

** Sa chéad choicís d'Eanáir 2025, fuair an Coimisiún 15 achomhairc ar comhluach €417m.

Nóta 1: Taispeántar ar chuid de na táblaí sna leathanaigh seo a leanas an “candam faoi dhíospóid” d'achomhairc a fuair an Coimisiún. Ba chóir an figiúr candaim sin a áireamh ina meastachán ar an mbonn seo a leanas:

- féadfar an candam bunaidh cánach atá faoi achomhairc a mhodhnú tar éis an fógra achomhairc a chomhdú (i.e. sa chás ina socraítear nó ina dtarraingítear siar gné den achomhairc),
- D'fhéadfadh sé go mbeadh easaontú idir na páirtithe maidir le candam beacht na cánach atá faoi dhíospóid, nó
- ní bhíonn luach airgid achomhairc inríoifa i gcónaí (m.sh. in achomhairc i gcás ina bhfuil an ráta cánach faoi dhíospóid nó más ionann an candam faoi dhíospóid agus diúltú d'fhaoiseamh cailteanais nó d'asbhaintí nó in achomhairc maidir le diúltú do Dheimhnithe Imréitigh Cánach).

Nóta 2: Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbíonn staidreamh maidir le hachomhairc ag athrú de shíor agus go ndéantar iad a nuashonrú ar bhonn laethúil de réir comhfhreagrais agus fógraí a fhaightear. Amhail R1 de 2026, cuirtear léargas i láthair sa tuarascáil seo chomh cruinn agus is féidir maidir le staidreamh i ndáil leis an mbliain féilire 2025.

An Comhthéacs agus Táscairí Tionchair

Táscaire	2022	2023	2024	2025
Críochnaitheacht Socraíochta agus cinnteacht a bhunú d'Achomhaircóirí agus do Fhreagróirí maidir le díospóidí cánach – (Méadrach: Líon na n-achomhairc a dúnadh)	2,659	1,526	1,708	1,286
Cinnteacht a bhunú don Státhiste agus don PAC maidir le candam na cánach atá dlíthe – (Méadrach: Candam na gcánacha maidir le hAchomhairc a Dúnadh)	€604m	€1,385m	€355m	€605m
Soiléireacht a sholáthar maidir le léirmhíniú ar Dhlí Cánach na hÉireann agus cuidiú lena bheachtú agus lena chúíchóirí – (Méadrach: Candam na gcinntí a eisíodh)	€292m	€409m	€34m	€32m
Líon breise achomhairc cánach a dúnadh i gcomparáid leis an líon a fuarthas sa bhliain chéanna	1,205	364	427	94



Forléargas ar Achomhairc

Forléargas ar Achomhairc

Achomhairc a Fuarthas i 2025

Fuair an Coimisiún 1,192 achomharc i 2025. Rinneadh athbhreithniú ar na hachomhairc go léir a fuarthas agus tá siad ag dul ar aghaidh trí na céimeanna. Déantar breac-chuntas ar na hachomhairc a fuarthas agus ar chandam na cánach faoi dhíospóid i 2025 a mhiondealú mar seo a leanas:

2025 Mí	Líon na n-Achomharc a Fuarthas	Candam** €m
Eanáir	151	461
Feabhra	113	21
Márta	98	2
Aibreán	126	2
Bealtaine	98	3
Meitheamh	67	35
Iúil	114	50
Lúnasa	70	6
Meán Fómhair	75	35
Deireadh Fómhair	88	24
Samhain	96	77
Nollaig	96	49
Iomlán	1,192	765

Cineál Cánach na nAchomharc a Fuarthas**	Líon na nAchomharc a Fuarthas	% den Iomlán	Candam* €m
CI	481	40	38
CBL	145	12	69
CCF	176	15	1
CC	56	5	492
Eile ***	174	15	9
CGC	143	12	145
CFC	17	1	11
Iomlán	1,192	100	765

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'.

** Chun críocha anailíse ar cheannteideal cánach, áiríodh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal cánach amháin mar achomharc amháin a catagóiríodh faoina cheannteideal cánach príomhúil. Is féidir anailís ar chineálacha éagsúla cánach a fháil níos déanaí sa chaibidil seo.

I measc 'Eile' áirítear C&DM, CCÚT, CCD, CMÁ, CCSG, CCÁ, CTSC, SFPF, SSFP agus Dleacht Stampa.

Achomhairc a dúnadh in 2025

Dhún an Coimisiún 1,286 achomharc in 2025. Rinneadh dúnadh trí chinneadh, socraíocht, tarraingt siar, diúltú, cumasc nó díbhe an achomhairc. Is í seo an seachtú bliain a dhún an Coimisiún níos mó achomharc ná mar a fuair sé, rud a d'fhág gur tháinig laghdú 94 (nó 13%) ar líon na n-achomharc a bhí ar láimh ag deireadh na bliana. Seo a leanas breac-chuntas ar na hachomhairc a dúnadh in 2025:

2025 Mí	Líon na nAchomharc a Dúnadh	Candam* €m
Eanáir	145	29
Feabhra	130	6
Márta	183	32
Aibreán	136	26
Bealtaine	110	7
Meitheamh	93	7
Iúil	114	11
Lúnasa	59	3
Meán Fómhair	85	6
Deireadh Fómhair	78	378
Samhain	86	4
Nollaig	67	96
Iomlán	1,286	605

Cineál Cánach Achomhairc a Dúnadh**	No. of Appeals Closed	% of Total	Quantum* €m
CI	629	49	56
CBL	128	10	65
CCF	96	8	1
CC	68	5	423
Eile ***	190	15	6
CGC	156	12	49
CFC	19	1	5
Iomlán	1,286	100	605

Cúis le Dúnadh Achomharc	Líon na nAchomharc a Dúnadh	Candam* €m
Cinntí Eisiithe (216 iarbhír)	239	32
Dífe	56	1
Comhdhlúite / Cumaiscthe	15	0.12
Diúltaithe	166	4
Socraithe	464	423
Arna tharraingt siar ag an Achomharcóir	346	145
Iomlán	1,286	605

Catagóir/ Bliain a Fuarthas	Líon na n-Achomharc a Dúnadh	Candam* €m
Oidhreacht	60	10
Réamhbhunaithe	4	1
2016	6	32
2017	8	7
2018	56	5
2019	7	8
2020	7	11
2021	11	4
2022	7	2
2023	43	12
2024	331	49
2025	746	464
Iomlán	1,286	605

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'.

** Chun críocha anailíse ar cheann cánach, áiríodh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceann cánach amháin mar achomharc amháin a chatagóiríodh faoina cheanteideal cánach príomhúil. Is féidir anailís ar chineálacha éagsúla cánach a fháil níos déanaí sa chaibidil seo.

***Faoi 'Eile' áirítear C&DM, CCÚT, CCD, CMÁ, CCSG, CCÁ, CTSC, SFPF, SSFP agus Dleacht Stampa

Nóta: Figiúr candamach iomlán slánaithe go dtí an tslánuimhir is gaire.

Achomhairc atá liostaithe le héisteacht in 2025

Le linn 2025, sceidealaíodh 237 éisteacht a bhain le 336 achomhairc le candam iomlán de €495m thar 332 lá. Bhí fad na n-éisteachtaí idir leathlá agus trí seachtaine.

Soláthraíonn an méid seo a leanas faisnéis faoi thoradh na n-éisteachtaí a sceidealaíodh:

Toradh*	2025	Candam €m**	2024	Candam €m**
Sceidealaithe ach Curtha siar nó Tarraingthe siar roimh éisteacht				
Socraithe / Tarraingthe siar roimh éisteacht	73	416	99	133
Curtha ar athló / Curtha siar roimh éisteacht	71	33	95	211
<i>Fo-iomlán</i>	144	449	194	344
Dulta ar aghaidh				
S949AA - Tarraingthe siar mar gheall ar neamhfhreastal	1	0.01	7	0.03
Socraithe tar éis éisteachta	7	16	5	7
Tosaíodh an éisteacht agus cuireadh ar athló í	13	13	14	3
Éisteacht críochnaithe i gcomhair cinneadh deiridh	72	17	60	36
<i>Fo-iomlán</i>	93	46	86	46
Iomlán	237	495	280	390

* B'fhéidir gur tháinig athrú ar stádas achomhairc a luaitear thuas, e.g. d'fhéadfaí achomhairc a taifeadh thuas mar 'críochnaithe i gcomhair cinneadh deiridh' a chinneadh faoi dháta foilsithe na tuarascála seo. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh roinnt éisteachtaí a cuireadh ar athló a bheith socraithe nó d'fhéadfadh siad a bheith 'críochnaithe i gcomhair cinneadh deiridh'.

** Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'.

Nóta: Slánaítear an figiúr candamach iomlán go dtí an tslánúimhir is gaire.

Is féidir éisteachtaí a chur ar athló ar roinnt cúiseanna, m.sh. chun fianaise bhreise a chur isteach nó chun leanúint ar aghaidh leis an éisteacht ar dháta éisteachta ina dhiaidh sin mura gcríochnaíonn sí ar dháta na héisteachta tosaí. Ní cheadóidh an Coimisiún atráthú tosaigh ach amháin i gcúinsí teoranta agus bítear ag súil go mbeidh na páirtithe go léir réidh d'aon dáta/dátaí éisteachta sceidealaithe. As na 237 éisteacht a sceidealaíodh i 2025, cuireadh 30% (nó 71) ar athló sula bhféadfaí éisteacht a reáchtáil. Laghdú 4% a bhí sa mhéid sin i gcomparáid le 2024.

Sceidealaíodh 96 éisteacht go cianda in 2025 i gcomparáid le 59 in 2024, ar méadú 62% é.

Faightear thíos faisnéis maidir leis an gcandam cánach a bhí i gceist, maidir le hachomhairc a sceidealáíodh le héisteacht in 2025:

Toradh*	Catagóir / Bliain Oscailte						Candam €m***
	Roimh 2022**	2022	2023	2024	2025	Iomlán	
Sceidealaithe ach curtha siar nó tarraingthe siar roimh éisteacht							
Socraithe / Tarraingthe siar roimh éisteacht	6		8	41	18	73	416
Curtha ar athló roimh éisteacht	13	4	8	38	8	71	
• Iarrtha ag Achomharcóir	9	1	4	21	5	40	27
• Iarrtha ag Coimisinéirí Ioncaim	2	1	3	8	3	17	5
• Ag an gCoimisiún	2	2	1	9		14	1
<i>Fo-iomlán</i>	19	4	16	79	26	144	449
Dulta ar aghaidh							
Socraithe tar éis éisteachta	2		1	3	1	7	16
S949AA - Tarraingthe siar mar gheall ar neamhfhreastal	1					1	0.01
Tosaíodh an éisteacht agus cuireadh ar athló í	2		2	7	2	13	13
Éisteacht críochnaithe agus ag fanacht le cinneadh	5	1	5	36	25	72	17
<i>Fo-iomlán</i>	10	1	8	46	28	93	46
Iomlán	29	5	24	125	54	237	495

Tugtar briseadh síos sa tábla seo a leanas ar líon na n-achomharc a fuarthas i mbliain ar leith ar tionóladh éisteacht ina leith:

Bliain Faighte Achomharc	Líon Iomlán na nAchomharc a Fuarthas	An Bhliain inar Sceidealáíodh Éisteacht					Iomlán
		Roimh 2022**	2022	2023	2024	2025	
Roimh 2022**	9,802	1,026	524	237	62	29	1,878
2022	1,454		29	120	40	5	194
2023	1,162			54	115	24	193
2024	1,281				63	125	188
2025	1,192					54	54
	14,891	1,026	553	411	280	237	2,507

* Is féidir gur tháinig athrú ar stádas achomhairc a luaitear thuas, m.sh. achomhairc a taifeadh thuas mar 'críochnaithe agus ag fanacht le cinneadh' a chinneadh faoi dháta foilsithe na tuarascála seo.

** Chun críche na tuarascála seo, is ionann achomhairc "Roimh 2022" agus achomhairc a fuarthas idir 2016 agus 2021, Achomhairc Réamhbhunaithe a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún i 2016 agus Achomhairc Oidhreachta a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

*** Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'candamach faoi dhíospóid'.

Nóta: Slánaítear an figiúr candamach iomlán go dtí an tslánúimhir is gaire.

Cinntí a Eisíodh

D'eisigh an Coimisiún 216 cinneadh in 2025 a bhain le 239 achomharc ar luach €32 milliún, arb ionann é agus méadú 20% ar an líon a eisíodh i gcomparáid leis an mblain seo caite. Ina theannta sin, d'eisigh an Coimisiún 74 cinneadh i scribhinn, a raibh a bhformhór fada agus casta, a bhain le réamh-shaincheisteanna amhail bailíocht achomhairc nó diúltú d'iaratas ar chás sonraithe.

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar na saincheisteanna cánach a chinn an Coimisiún in 2025 agus in 2024.

Achoimre ar Chinntí a Eisíodh i n2025 de réir Cineál Cánach*				
	2025		2024	
	Líon na nAchomharc arna gCinneadh	Candam** €m	Líon na nAchomharc arna gCinneadh	Candam** €m
CI	159	17	114	5
CBL	13	3	10	0.4
CCF	11	0.17	3	0.02
CC	6	7	5	3
Eile***	22	4	31	19
CGC	3	0.42	15	4
CFC	2	0.46	2	3
Iomlán	216	32	180	34

* Chun críocha anailíse ar cheannteideal cánach, áiríodh achomharc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal cánach amháin mar achomharc amháin a catagóiríodh faoina cheannteideal cánach príomhúil. Is féidir anailís ar chineálacha éagsúla cánach a fháil níos déanaí sa chaibidil seo.

** Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'candam faoi dhíospóid'.

***Faoi 'Eile' áirítear C&DM, CCÚT, CCD, CMÁ, CCSG, CCÁ, CTSC, SFPP, SSFP agus Dleacht Stampa

Nóta: Slánaítear an figiúr candamach iomlán go dtí an tslánuimhir is gaire.

Tá forálacha i gCuid 40A, Caibidil 5 de ACC 1997 i ndáil leis an gCoimisiún maidir le cinntí a fhógairt agus a fhoilsiú. Ceanglaíonn Alt 949AO ar na Coimisinéirí Achomhairc tuarascáil ar gach ceann dá gcinntí a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis do na páirtithe fógra a fháil.

De réir na bhforálacha sin, foilsítear gach cinneadh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus is féidir le baill den phobal breathnú orthu. Sonraítear i ngach cinneadh torthaí gach achomhairc agus an raibh sé i bhfabhar nó i gcoinne an cháiníocóra lena mbaineann. Ina theannta sin, tá bunachar sonraí inchuadaithe de na cinntí foilsithe go léir ó 2016 ar fáil ar an suíomh gréasáin a sholáthraíonn achoimre ghairid ar an topaic chinnidh agus ar an reachtaíocht dá dtagraítear i ngach cinneadh.

Soláthraíonn an tábla seo a leanas miondealú ar líon agus luach candamach na gcinntí a eisíodh agus cé acu a bhí an cinneadh i bhfabhar nó i gcoinne an cháiníocóra lena mbaineann ó 2016 i leith:

Cinntí a Eisíodh ó 2016*							
Bliain	I bhfabhar an Cháiníocóra	Candam i bhFabhar an Cháiníocóra (€m)	Céatadán na gCinntí Foriomlána (Cáiníocóir)	I bhFabhar an Fhreagróra	Candam i bhFabhar an Fhreagróra (€m)	Céatadán na gCinntí Foriomlána (Freagróir)	Iomlán
Roimh 2022**	118	626	23%	396	628	77%	514
2022	35	127	18%	155	165	82%	190
2023	33	333	19%	142	76	81%	175
2024	26	22	14%	154	12	86%	180
2025	18	13	8%	198	19	92%	216
Iomlán	230	1,121	18%	1,045	900	82%	1,275

* Tabhair faoi deara le do thoil gur éirigh go páirteach le roinnt cinntí do cháiníocóirí. Sna cásanna sin, chun críocha taifid, taifeadh an t-achomharc mar achomharc i bhfabhar an pháirtí a fuair an sochar is mó.

** Chun críche na tuarascála seo, is ionann achomhairc "Roimh 2022" agus achomhairc a fuarthas idir 2016 agus 2021, achomhairc Réamhbhunaithe a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún i 2016 agus achomhairc Oidhreachta a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

Cásanna Sonraithe

Foráiltear le halt 949AP den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 go bhféadfaidh páirtí atá míshásta le cinneadh a rinne an Coimisinéir Achomhairc mar go bhfuil sé earráideach ar phointe dlí a cheangal ar an gCoimisinéir Achomhairc cás a shonrú agus a shíniú (dá ngairtear "cás sonraithe") chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil.

Le linn 2025, shínigh na Coimisinéirí Achomhairc 17 chás a luaitear de bhun alt 949AQ TCA 1997 chun cinntí a achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt. As na 17 chás sonraithe a eisíodh, d'iarr achomharcóirí 14 cinn agus na Coimisinéirí Ioncaim 3 gcinn. Ina theannta sin, tharraing na hiarratasóirí siar 2 iarratas i gcás cásanna sonraithe. Tugann an Coimisiún dá aire, in ainneoin iarraidh ar chás sonraithe, nach dtéann gach cás sonraithe ar aghaidh chuig éisteacht os comhair na hArd-Chúirte mar gheall ar shocraíocht idir na páirtithe roimh nó tar éis chomhdú an cháis shonraithe nó athrú ar chinneadh an pháirtí a iarrann an cás sonraithe a chur ar aghaidh chuig an Ard-Chúirt.

Comhdhálacha Bainistíochta Cáis i 2025

Le linn 2025, shocraigh an Coimisiún 9 CBC arb ionann iad agus €3m. Mhair fad na CBCnna idir níos lú ná uair an chloig agus lá amháin; Chríochnaigh an chuid is mó díobh laistigh de chúpla uair an chloig.

Go stairiúil, sceidealaíodh CBCnna le haghaidh achomhairc a bhí leis an gCoimisiún i gcás nach ndearnadh aon dul chun cinn, agus bhí sin amhlaidh mar gheall ar aistriú achomhairc oidhreachta agus achomhairc aosaithe in 2016. Oibríonn an Coimisiún anois i “bhífor-am”. Cealaíonn sé sin spleáchas suntasach ar CBCnna. Tá an Coimisiún airdeallach ar a inmhianaithe atá sé costais a íoslghdú do na páirtithe go léir, agus dá bhrí sin tabharfaidh sé aghaidh ar chúrsaí trí chomhfhreagras den chuid is mó, mura bhfuil CBC ag teastáil. Ó 2022 ar aghaidh, nuair is gá, braitheann an Coimisiún anois ar sceidealú éisteachtaí, seachas CBCnna, ionas gur féidir cinneadh deiridh ar an ábhar a eisiúint a luaithe agus is féidir.

Tugann an méid seo a leanas faisnéis faoi thoradh na CBCnna a sceidealaíodh in 2025:

Toradh	Líon na CBCnna a Tionóladh		Líon Iomlán na nAchomharc a ndearnadh difear dóibh	
	2025	2024	2025	2024
Sceidealaithe ach curtha siar roimh CBC				
Socraithe / Tarraingthe siar roimh CBC		1		1
Curtha ar athló roimh CBC	2	9	2	28
<i>Fo-Iomlán</i>	2	10	2	29
Dulta ar aghaidh				
Socraithe / Tarraingthe siar tar éis CBC		1		1
CBC le hathsceidealú	1		1	
Éisteacht le sceidealú	2	3	2	23
Ag dul ar aghaidh	3	2	32	3
Ag fanacht le cinneadh deiridh	1		1	
<i>Fo-Iomlán</i>	7	6	36	27
Iomlán	9	16	38	56

Rinneadh 5 CBC a sceidealú go cianda in 2025, i gcomparáid le 13 in 2024.

Tugtar miondealú sa tábla seo a leanas ar líon na n-achomharc a fuarthas i mbliain ar leith ar tionóladh CBC ina leith:

Bliain a Fuarthas Achomharc	Líon Iomlán na nAchomharc a Fuarthas	Bliain inar sceidealaíodh CBC					Iomlán
		Roimh 2022*	2022	2023	2024	2025	
Roimh 2022*	9,802	691	87	23	6	3	810
2022	1,454		4	5	2		11
2023	1,162				4		4
2024	1,281				4	4	8
2025	1,192					2	2
Iomlán	14,891	691	91	28	16	9	835

* Chun críche na tuarascála seo, is ionann achomhairc “Roimh 2022” agus achomhairc a fuarthas idir 2016 agus 2021, achomhairc Réambhunaithe a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún in 2016 agus achomhairc Oidhreachta a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

Achomhairc – Príomhchineálacha Cánach

Tá níos mó ná ceanteideal cánach amháin nó níos mó ná cineál amháin creidmheasa, asbhainte, faoisimh nó díolúine i gceist le go leor achomhairc. Tá faisnéis sa tábla thíos maidir leis na príomhchineálacha cánach a dhíospóideadh ar fud na n-achomhairc a osclaíodh agus a dúnadh i 2025:

Príomhchineál Cánach nó Eisiúint Achomhairc a Osclaíodh / Dúnadh i 2025				
Cineál Cánach *	Líon na nAchomhairc a Fuarthas	Candam** €m	Líon na nAchomhairc a Dúnadh	Candam** €m
CI	481	38	629	56
CBL	145	69	128	65
CCF	176	1	96	1
CC	56	492	68	423
Eile ***	174	9	190	6
CGC	143	145	156	49
CFC	17	11	19	5
Iomlán	1,192	765	1,286	605

* Chun críocha anailíse ar cheanteideal cánach, áiríodh achomhairc ina bhfuil níos mó ná ceanteideal cánach amháin mar achomhairc amháin a catagóiríodh faoina cheanteideal cánach príomhúil. Is féidir anailís ar chineálacha éagsúla cánach a fháil níos déanaí sa chaibidil seo.

** Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'candamach faoi dhíospóid'.

***Faoi 'Eile' áirítear C&DM, CCÚT, CCD, CMÁ, CCSG, CCÁ, CTSC, SFPP, SSFP agus Dleacht Stampa

Ar aon dul le 2024, bhí cáin ioncaim fós ar an gcáin is minice a ndearnadh achomhairc uirthi in 2025, a tháinig chun cinn i 40% de na hachomhairc a fuarthas. Ba dhíospóidí cánach CBL, CCF agus CGC 39% eile de na hachomhairc a bhí ar láimh.

In 2025, fuair an Coimisiún 119 achomhairc a rinne tagairt do ÍMAT, ÁSPC nó MSU. B'ionann iomlán na n-achomhairc sin agus 10% de na hachomhairc go léir a fuarthas in 2025. Cé go mbaineann cuid de na hachomhairc seo le nithe inachomhairc, ba cheisteanna iad cuid eile maidir le dlíteanais chánach seachas achomhairc ar mheasúnuithe cánach nó ar chinntí cánach. Tugtar aghaidh níos oiriúnaí ar cheisteanna dá leithéid trí chainéil seirbhíse do chustaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar na ceithre phríomhchineál cánach a ndearnadh tagairt dóibh in achomhairc ón 21 Márta 2016 ar aghaidh.

Na Ceithre Chineál Cánach is Mó ar Tagraíodh dóibh in Achomhairc Gach Bliain ó 2016*							
Líon na nAchomhairc a Fuarthas (de réir bliana)	Líon Iomlán na nAchomhairc a Fuarthas	IC	CBL	CCF	CC	CGC	Bainte le Covid**
Roimh 2022***	9,802	4,397	956	892	398		165
2022	1,454	660	268	83		95	
2023	1,162	482	185	65		144	
2024	1,281	577	146	116		169	
2025	1,192	481	145	176		143	

* Chun críocha anailíse ar cheanteideal cánach, áiríodh achomhairc ina bhfuil níos mó ná ceanteideal cánach amháin mar achomhairc amháin a catagóiríodh faoina cheanteideal cánach príomhúil. Is féidir anailís ar chineálacha éagsúla cánach a fháil níos déanaí sa chaibidil seo.

** Cuimsíonn 'Bainte le Covid' CTSC, SFPP & SSFP.

*** Chun críche na tuarascála seo, is ionann achomhairc "Roimh 2022" agus achomhairc a fuarthas idir 2016 agus 2021, Achomhairc Réambhunaithe a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún in 2016 agus Achomhairc Oidhreacht a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar na príomhchineálacha cánach a ndearnadh díospóid fúthu ar fud achomhairc a osclaíodh agus a dúnadh ó bunaíodh an Coimisiúin in 2016:

Príomhchineál Cánach Achomhairc a Osclaíodh / Dúnadh ó 2016*								
	Iomlán	IC	CC	CGC	CBL	CFC	CCF	Eile**
Roimh 2022***								
Achomhairc Faighte	9,802	5,420	605	710	1,043	207	899	918
Achomhairc Dúnta	(7,092)	(3,686)	(427)	(586)	(805)	(136)	(802)	(650)
Iarmhéid Deiridh	2,710	1,734	178	124	238	71	97	268
2022								
Achomhairc Faighte	1,454	660	80	95	268	9	83	259
Achomhairc Dúnta	(2,659)	(1,522)	(134)	(153)	(329)	(51)	(159)	(311)
Iarmhéid Deiridh	1,505	872	124	66	177	29	21	216
2023								
Achomhairc Faighte	1,162	485	44	146	185	22	65	215
Achomhairc Dúnta	(1,526)	(625)	(89)	(136)	(276)	(42)	(64)	(294)
Iarmhéid Deiridh	1,141	732	79	76	86	9	22	137
2024								
Achomhairc Faighte	1,281	582	53	173	148	13	115	197
Achomhairc Dúnta	(1,708)	(904)	(87)	(180)	(176)	(15)	(96)	(250)
Iarmhéid Deiridh	714	410	45	69	58	7	41	84
2025								
Achomhairc Faighte	1,192	481	56	143	145	17	176	174
Achomhairc Dúnta	(1,286)	(629)	(68)	(156)	(128)	(19)	(96)	(190)
Iarmhéid Deiridh	620	262	33	56	75	5	121	68

* Chun críocha anailíse ar cheannteideal cánach, áiríodh achomhairc ina bhfuil níos mó ná ceannteideal cánach amháin mar achomhairc amháin a catagóiríodh faoina cheannteideal cánach príomhúil. Is féidir anailís ar chineálacha éagsúla cánach a fháil níos déanaí sa chaibidil seo.

** I measc 'Eile' áirítear C&DM, CCÚT, CCD, CMÁ, CCSG, CCÁ, CTSC, SFPP, SSFP agus Dleacht Stampa.

*** Chun críche na tuarascála seo, is ionann achomhairc "Roimh 2022" agus achomhairc a fuarthas idir 2016 agus 2021, Achomhairc Réamhbhunaithe a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún in 2016 agus Achomhairc Oidhreachta a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar na figiúirí candaim in aghaidh an cheanteidil chánach maidir le hachomhairc a fuarthas agus a dúnadh ó bunaíodh an Coimisiúin i 2016:

Príomhchineál Cánach Achomhairc a Osclaíodh / Dúnadh ó 2016 de réir Candaim*								
	Iomlán	IC	CC	CGC	CBL	CFC	CCF	Eile**
	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Prior to 2022***								
Achomhairc Faighte	7,154.54	886.91	4,693.24	331.47	380.93	101.16	3.68	757.16
Achomhairc Dúnta	(5,448.55)	(603.62)	(3,737.60)	(222.04)	(148.99)	(81.04)	(2.90)	(652.36)
Iarmhéid Deiridh	1,705.98	283.29	955.63	109.42	231.93	20.12	0.79	104.81
2022								
Achomhairc Faighte	200.54	24.58	80.19	25.53	42.04	0.89	0.54	26.78
Achomhairc Dúnta	(603.95)	(135.79)	(310.88)	(29.71)	(82.39)	(11.36)	(1.09)	(32.73)
Iarmhéid Deiridh	1,302.57	172.07	724.95	105.25	191.57	9.64	0.24	98.85
2023								
Achomhairc Faighte	613.51	38.35	529.39	11.06	7.12	1.83	0.43	25.34
Achomhairc Dúnta	(1,384.49)	(49.67)	(1,003.33)	(91.12)	(168.02)	(7.21)	(0.49)	(64.66)
Iarmhéid Deiridh	531.59	160.75	251.01	25.19	30.67	4.26	0.18	59.53
2024								
Achomhairc Faighte	206.85	39.48	94.21	38.54	4.31	1.05	0.45	28.82
Achomhairc Dúnta	(355.20)	(85.49)	(192.86)	(18.33)	(6.70)	(4.24)	(0.33)	(47.24)
Iarmhéid Deiridh	383.24	114.73	152.36	45.39	28.29	1.07	0.30	41.10
2025								
Achomhairc Faighte	765.44	37.96	491.94	144.71	68.82	11.57	0.72	9.72
Achomhairc Dúnta	(604.72)	(55.71)	(423.10)	(48.66)	(64.62)	(5.01)	(0.76)	(6.86)
Iarmhéid Deiridh	543.95	96.98	221.19	141.44	32.48	7.63	0.26	43.97

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a mheastar an figiúr 'candamach faoi dhíospóid'.

Chun críocha anailíse ceanteideal cánach, áiríodh achomhairc ina bhfuil níos mó ná ceanteideal cánach amháin mar achomhairc amháin a catagóiríodh faoina cheanteideal cánach príomhúil.

De réir mar a dhéantar achoimre ar na figiúirí sna milliúin, d'fhéadfadh difríochtaí slánaithe tarlú. Tá an figiúr candamach iomlán slánaithe go dtí dhá ionad de dheachúlacha.

** I measc 'Eile' áirítear C&DM, CCÚT, CCD, CMÁ, CCSG, CCÁ, CTSC, SFPF, SSFP agus Dleacht Stampa.

*** Chun críche na tuarascála seo, is ionann achomhairc "Roimh 2022" agus achomhairc a fuarthas idir 2016 agus 2021, Achomhairc Réamhbhunaithe a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún in 2016 agus Achomhairc Oidhreachta a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

Cineálacha Cánach Éagsúla

Léirítear sa tábla thíos líon iomlán na n-achomharc a phróiseáil an Coimisiún ó 2016 i leith ina raibh achomharc á dhéanamh ar nós mó ná cineál cánach amháin.

Líon na nAchomharc ina bhfuil Cineálacha Cánach Éagsúla ó 21 Márta 2016					
Líon na gCineálacha Cánach	2025	2024	2023	2022	Roimh 2022*
2	129	66	77	107	580
3	14	17	30	118	286
4	4	5	5	7	56
5			1	1	11
>5					1
Iomlán	147	88	113	233	934

* Chun críche na tuarascála seo, is ionann achomhairc "Roimh 2022" agus achomhairc a fuarthas idir 2016 agus 2021, Achomhairc Réamhbhunaithe a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún in 2016 agus Achomhairc Oidhreachta a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

In 2025, bhain 12% de na hachomhairc go léir le ceanteidil chánach éagsúla, ar méadú 5% é i gcomparáid le 2024. Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar na príomhchineálacha éagsúla cánach a tagraíodh dóibh in achomhairc i 2025.

Achoimre ar Phríomhchineálacha Cánach Éagsúla ar tagraíodh dóibh in achomhairc a fuarthas in 2025				
Cineálacha Cánach	Achomhairc a fuarthas le 2 Chineál Cánach	Achomhairc a fuarthas le 3 Chineál Cánach	Achomhairc a fuarthas le 4 Chineál Cánach	Candam €m*
CI (lena n-áirítear ÍMAT/ÁSPC/MSU)	56	10	3	4.78
CI / CBL	8		1	3.14
CI / CFC	3			0.21
CGC / CI	24	1		45.06
CC / CI / CBL	16	1		35.63
CBL / CCF / Custam & Máil	4			0.01
Eile	18	2		10.88
Iomlán	129	14	4	99.71

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'candamach faoi dhíospóid'.

Nóta: Tá an figiúr candamach iomlán slánaithe go dtí dhá ionad de dheachúlacha.

Forléargas ar na hAchoimhairc ar Láimh amhail an 31 Nollaig 2025

Tugtar forléargas sa tábla seo a leanas ar gach achomharc ar láimh amhail an 31 Nollaig 2025:

Forléargas ar na hAchoimhairc ar láimh amhail an 31 Nollaig 2025				
Bliain / Catagóir	Líon iomlán na nAchoimharca Fuarthas	Líon iomlán na nAchoimharca Fuarthas €m	Líon na nAchoimharca ar Láimh ag deireadh 2025	Candam na nAchoimharca ar Láimh ag deireadh 2025* €m
Oidhreacht **	1,155	797	22	20
Réamhbhunaithe ***	304	373	6	47
2016	901	332	13	26
2017	1,747	848	18	17
2018	1,689	2,532	9	5
2019	1,491	384	14	1
2020	1,039	1,582	3	7
2021	1,476	306	6	5
2022	1,454	201	7	7
2023	1,162	614	16	36
2024	1,281	207	60	71
2025	1,192	765	446	302
Iomlán	14,891	8,941	620	544

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'candamach faoi dhíospóid'.

** Is é is Achoimhairc Oidhreachta ann achomhairc a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

*** Is é is Achoimhairc Réamhbhunaithe ann achomhairc a bhí ar fáil in Oifig an Choimisinéara Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún.

Líon na nAchomharc in Aghaidh na Bliana a Fuarthas

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar líon na n-achomharc a fuarthas agus a dúnadh ó bunaíodh an Coimisiún i 2016:

	Iomlán	Roimh 2022*	Reatha			
			2022	2023	2024	2025
Roimh 2022*						
Faighte Roimh 2022*	9,802	9,802				
Dúnta Roimh 2022*	(7,092)	(7,092)				
Iarmhéid (31/12/21)	2,710	2,710				
2022						
Faighte i 2022	1,454		1,454			
Dúnta i 2022	(2,659)	(1,699)	(960)			
Iarmhéid (31/12/22)	1,505	1,011	494			
2023						
Faighte i 2023	1,162			1,162		
Dúnta i 2023	(1,526)	(429)	(387)	(710)		
Iarmhéid (31/12/23)	1,141	582	107	452		
2024						
Faighte i 2024	1,281				1,281	
Dúnta i 2024	(1,708)	(332)	(93)	(393)	(890)	
Iarmhéid (31/12/24)	714	250	14	59	391	
2025						
Faighte i 2025	1,192					1,192
Dúnta i 2025	(1,286)	(159)	(7)	(43)	(331)	(746)
Iarmhéid (31/12/25)	620	91	7	16	60	446
Achoimre						
Achomhairc Faighte	14,891	9,802	1,454	1,162	1,281	1,192
Achomhairc dúnta	(14,271)	(9,711)	(1,447)	(1,146)	(1,221)	(746)
Iarmhéid (31/12/25)	620	91	7	16	60	446

* Chun críche na tuarascála seo, is ionann achomhairc "Roimh 2022" agus achomhairc a fuarthas idir 2016 agus 2021. Achomhairc Réamhbhunaithe a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún in 2016 agus Achomhairc Oidhreachta a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

- Tá thart ar 31% de na hachomhairc a fuarthas in 2025 á mbainistiú ag gníomhaire don achomharcóir.
- Tá roinnt blianta measúnachta nó tréimhsí measúnachta cánach faoi dhíospóid ag thart ar 14% de na hachomhairc.
- Aithnítear beagnach 101 achomharc atá ar láimh faoi láthair mar chuid de ghrúpaí achomhairc, áit a bhfuil saincheist(eanna) den chineál céanna faoi achomharc.

Achomhairc 'Ar Feitheimh' agus Achomhairc 'Comhdhlúite'

Tá stádas reatha 'Ar Feitheimh' ag roinnt achomharc ar chúiseanna éagsúla m.sh. ar feitheamh go ndéanfaidh an Ard-Chúirt cinneadh, toradh achomhairc 'i bpríomhchás' nó páirtithe a dteastaíonn am uathu le haghaidh plé socraíochta. D'fhéadfadh stádas 'Comhdhlúite' nó 'Cumaiscthe' a bheith ag achomhairc eile, ar achomhairc iad a bhaineann le hachomharcóir amháin ach a bhaineann le saincheist chomhchosúil ionas gur féidir leis an gCoimisiún na hachomhairc go léir a chur ar aghaidh ag an am céanna amhail is dá mba achomharc amháin iad.

I bhfianaise an mhéid thuas, tá 129 achomharc 'Ar Feitheimh' arb ionann iad agus €216m agus 62 achomharc le stádas 'Comhdhlúite' nó 'Cumaiscthe' arb ionann iad agus €29m. Dá leasófaí figiúirí foriomlána dheireadh na bliana chun é sin a léiriú, laghdófaí líon na n-achomharc ar láimh atá an Coimisiún in ann a chur go gníomhach chun cinn go dtí 429 le candam de thart ar €299m.

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar líon reatha na n-achomharc ar láimh agus a chaithear a chur chun cinn amhail an 31 Nollaig 2025:

	Iomlán	Roimh 2022*	Reatha			
			2022	2023	2024	2025
Iarmhéid (31/12/2025)	620	91	7	16	60	446
Achomhairc 'Ar Feitheimh'	(129)	(51)	(4)	(4)	(8)	(62)
Achomhairc 'Comhdhlúite / Cumaiscthe'	(62)	(3)	(1)	(8)	(20)	(30)
Iarmhéid Leasaithe	429	37	2	4	32	354

* Chun críche na tuarascála seo, is ionann achomhairc "Roimh 2022" agus achomhairc a fuarthas idir 2016 agus 2021. Achomhairc Réamhbhunaithe a bhí idir lámha in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún in 2016 agus Achomhairc Oidhreachta a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar gach achomharc a bhí idir lámha amhail an 31 Nollaig 2025 má fhágtar aon achomharc le stádas 'Ar Feitheimh' nó 'Comhdhlúite' as an áireamh:

Forléargas ar na hAchomhairc ar láimh ag deireadh 2025 (agus na hachomhairc go léir 'Ar Láimh' nó 'Comhdhlúite' as an áireamh)		
Bliain / Catagóir	Líon na nAchomharc	Candam* €m
Oidhreacht **	6	5
Réamhbhunaithe***	3	15
2016	6	4
2017	6	14
2018	3	3
2019	9	0.5
2020	-	-
2021	4	1
2022	2	0.07
2023	4	0.17
2024	32	25
2025	354	231
Iomlán	429	299

* Féach Nóta 1 ar leathanach 11 ina leagtar amach conas a ríomhtar an figiúr 'candamach faoi dhíospóid'.

** Is é is Achomhairc Oidhreachta ann achomhairc a rinneadh go díreach chuig na Coimisinéirí Ioncaim sular bunaíodh an Coimisiún.

*** Is é is Achomhairc Réamhbhunaithe ann achomhairc a bhí ar láimh in Oifig an Choimisinéara Achomhairc sular bunaíodh an Coimisiún.

Nóta: Tá an figiúr candamach iomlán slánaithe go dtí an tslánuimhir is gaire.



Rialachas agus Riarachán Ginearálta

Rialachas agus Riarachán Ginearálta

Bonn Reachtúil agus Feidhmeanna an Choimisiúin

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún a bhfuil sé de chúram air próiseas achomhairc nuaimseartha agus éifeachtach a sholáthar i ndáil le díospóidí cánach a éisteacht agus a bhreithniú, de réir fhorálacha na reachtaíochta ábhartha. Is í an reachtaíocht lena mbaineann an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 (“an tAcht 2015”), an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach agus Rialachán Réamheolaire) 2019, an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997, arna leasú agus reachtaíocht ghaolmhar.

Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, tá dualgas ar an gCoimisiún a chinntiú go mbeidh na himeachtaí os a chomhair inrochtana, cothrom agus seolta chomh gasta agus is féidir.

Rinne an tAcht Airgeadais (Achomhairc Chánach agus Réamheolaire a Rialáil) 2019 foráil do cheapachán Cathaoirligh. Chuaigh an Cathaoirleach i mbun a ceapacháin an 1 Iúil 2020.

Rialachas agus Riarachán Ginearálta

Tá an Cathaoirleach, chomh maith lena ról mar Choimisinéir Achomhairc, freagrach as bainistiú éifeachtach foriomlán a dhéanamh ar riarachán agus ar aschur gnó an Choimisiúin. Tá an Cathaoirleach freagrach don Aire Airgeadais as a chinntiú go bhfuil an próiseas achomhairc tráthúil, éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de. I dtaca leis sin, ní mór di tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire an 31 Márta gach bliain nó roimhe gach bliain i leith na bliana roimhe sin. Cuirtear an tuarascáil sin isteach i gcomhlíonadh na ndualgas sin.

Is comhlacht Státseirbhíse é an Coimisiún faoi choimirce na Roinne Airgeadais agus, dá bhrí sin, tá sé á threorú ag Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse ina bhainistíocht agus ina oibríochtaí. Le linn 2025, rinneadh athbhreithniú, dréachtú agus nuashonrú ar bheartais agus ar nósanna imeachta de réir mar is cuí.

Soláthar foirne

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí 33 ball foirne sa Choimisiún: Cathaoirleach amháin, 8 gCoimisinéir Achomhairc agus 24 ball foirne riaracháin chun tacú leis na Coimisinéirí Achomhairc ina gcuid oibre.

In 2025, lean an Coimisiún lena bheartas um Obair Cumaisc ina bhféadfadh gach státseirbhíseach atá fostaithe ag an eagraíocht (beag beann ar ghrád nó fad seirbhíse) iarratas a dhéanamh ar shocruithe oibre cumaisc. Tá an Coimisiún tiomanta do ghlacadh le deiseanna cianoibre agus cumaisc a thapú, chun Státseirbhís níos dinimiciúla, níos solúbtha agus níos freagraí a thógáil, agus caighdeáin láidre feidhmíochta agus caighdeáin arda feidhmíochta agus ardleibhéal táirgiúlachta á gcothú ag an am céanna. Forbraíodh Beartas Oibre Cumaisc an Choimisiúin de réir an Chreata Beartais Oibre Cumaisc d’eagraíochtaí na Státseirbhíse.

Bainistíocht Riosca

Tugtar breac-chuntas i mBeartas Bainistíochta Riosca an Choimisiúin ar a chur chuige maidir le bainistíocht riosca agus ról agus freagrachtaí an Chathaoirligh, an Phríomhoifigigh Oibríochtaí, an Phríomhoifigigh Riosca agus na mBainisteoirí Foirne. Cuireann an Coimisiún na nósanna imeachta atá leagtha amach ina bheartas bainistíochta riosca i bhfeidhm agus coimeádann sé clár riosca i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Áirítear leis sin measúnú cuí a dhéanamh ar phríomhrioscaí an Choimisiúin, lena mbaineann cur síos a dhéanamh ar na rioscaí agus ar bhearta nó ar straitéisí gaolmhara chun na rioscaí sin a rialú agus a mhaolú.

Déanann Bord Athbhreithnithe Riosca an Choimisiúin monatóireacht agus athbhreithniú ar an gclár riosca agus déantar é a nuashonrú go leanúnach chun bainistíocht riosca éifeachtach agus monatóireacht éifeachtach ar rialuithe a chinntiú. Aithnítear an méid seo a leanas sa chlár:

- Riosca
- Rialuithe i bhfeidhm
- Rátáil riosca
- Gníomhaíocht chun rialú a fheabhsú chun an riosca a mhaolú

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

I gcomhréir leis an gCaighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís (2015), bhunaigh an Coimisiún Coiste Iniúcháireachta agus Riosca chun tacú leis ina chuid freagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe chun freastal ar

riachtanais dearbhaithe an Choimisiúin agus an Oifigigh Chuntasaíochta agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar shláine na ndearbhuithe sin.

Is iad seo a leanas comhaltaí seachtracha neamhspleácha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca:

- Gerard Moran (Cathaoirleach)
- Mary Griffin
- Wendy Kennedy
- Éimear Fisher

Gabhann an Coimisiún buíochas le Mary Griffin agus Wendy Kennedy, na baill atá ag scor dá ról ar an gcomhairle as an tacaíocht ar fad a thug siad le linn a dtionachta. In 2026, tá ríméad ar an gCoimisiún fáilte a chur roimh Michael Dodd agus roimh Caoimhe Rose chuig an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Iniúchadh Inmheánach

Is gníomhaíocht neamhspleách, oibiachtúil dearbhaithe agus comhairliúcháin é an t-iniúchadh inmheánach a ceapadh chun breis luacha a thabhairt agus chun oibríochtaí an Choimisiúin a fheabhsú. Is é príomhchuspóir an Iniúchta Inmheánaigh comhairle agus dearbhú neamhspleách a chur ar fáil don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le héifeachtacht na bpróiseas um rialú inmheánach, rialachas agus bainistíocht riosca atá i bhfeidhm ar fud an Choimisiúin.

Le linn 2025, d'eisigh na hiniúcháirí inmheánacha tuarascálacha maidir leis na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha 2024
- Athbhreithniú ar Nósanna Imeachta na Foirne Tacaíochta Achomhairc tar éis an Córas Bainistíochta Cásanna nua a thabhairt isteach

Tharla an “tAthbhreithniú ar Éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha” sular cuireadh an Ráiteas um Rialú Airgeadas Inmheánach (“RRAI”) faoi bhráid na n-iniúcháirí seachtracha (an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste) agus is tástáil rialaithe riachtanach é ar éifeachtacht an Chreata Dearbhaithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Choimisiún.

Fuarthas amach san “Athbhreithniú ar Nósanna Imeachta na Foirne Tacaíochta Achomhairc tar éis an Córas Bainistíochta Cásanna nua a thabhairt isteach” go bhfuil “Córas Bainistíochta Cásanna (CBC) nua an Choimisiúin

oiriúnach don fheidhm agus gur infheistíocht réasúnta luach ar airgead é. Soláthraíonn an córas buntáistí suntasacha oibríochtúla agus straitéiseacha, agus ailíníonn sé go hiomlán le cuspóirí an Choimisiúin maidir le héifeachtúlacht, rialachas agus comhlíonadh.”

In 2026, déanfaidh na hiniúcháirí Inmheánacha athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha 2025.

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ar a n-iniúchadh i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2024, d'eisigh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (“ARC&C”) a dtuairim maidir leis an gCuntas Leithreasa, ar an RRAI, agus ar ábhair eile an 12 Meitheamh 2025.

D'aontaigh an ARC&C go gcuireann an Cuntas Leithreasa a d'ullmhaigh an Coimisiún i láthair mar is cuí Admhálacha agus Caiteachas Vóta 10 – An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024. Léirigh an ARC&C an tuairim go raibh fianaise leordhóthanach agus chúil faighte acu agus iad i mbun a n-iniúchta.

I dtaca leis an RRAI, tá freagracht ar an ARC&C tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis atá san RRAI mar eisceacht amháin. Tagann an riachtanas chun tuairisciú a thabhairt chun cinn sa chás nach bhfuil an fhaisnéis atá san RRAI ag teacht go hábhartha leis an gCuntas Leithreasa, le torthaí iniúchta an ARC&C nó más cosúil go bhfuil an RRAI mícheart go hábhartha. Ina dtuairim iniúcháireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, níor thug an ARC&C aon tuairisc ar aon mhíríteas ábhartha sa RRAI.

Déanfar an t-iniúchadh ARC&C i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025 tar éis an 31 Márta 2026, an dáta dlite chun an Cuntas Leithreasa a chur faoi bhráid an ARC&C lena iniúchadh.

Gníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí

Tá an Coimisiún tiomanta dá oibleagáidí faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh. I gcomhréir le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, chruthaigh an Coimisiún a Threochlár Glas agus déanann sé monatóireacht air, bhunaigh sé Foireann Ghlas, agus tá sé ag cloí le Ciorclán 01/2020.

In 2025, chuir an Coimisiún a Ráiteas Comhlíontachta 2024 faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, ina ndéantar doiciméadú ar fheabhsú 69.2% ar éifeachtúlacht fuinnimh ó na figiúirí bonnlíne, agus astaíocht iomlán CO2 de 11,031 gCO2.

Tá roinnt beart curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun na feabhsuithe sin a bhaint amach. Tá áitreabh nua-aimseartha, tíosach ar fhuinneamh ann, ar bronnadh deimhniú ‘Óir’ air mar chuid den deimhniú ‘Ceannaireachta i bhFuinneamh agus Dearadh Comhshaoil’, arb é an córas rátála foirgneamh glas is mó a úsáidtear ar domhan é.

I mí Lúnasa 2020, thug an Coimisiún isteach cianéisteachtaí físe, rud a chruthaigh laghdú ginearálta ar thaisteal agus ar fhuinneamh dá úsáideoirí seirbhíse. Leanann an Coimisiún air ag feidhmiú na seirbhíse sin. In 2023 bhog an Coimisiún freisin i dtreo oifig gan pháipéar a chuir deireadh le comhaid fhisiciúla a chruthú agus a nuashonrú, rud a laghaigh a thomhaltas leictreachais a thuilleadh, chomh maith le laghdú suntasach a dhéanamh ar a thomhaltas i dtáirgí eile amhail páipéar, ton printéir agus stáiseanóireacht ghinearálta.

Leanfaidh an Coimisiún dá thiomantas don Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2026.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tá an Coimisiún tar éis cloí go hiomlán lena chuid oibleagáidí uile faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla go dtí seo. Tá ball foirne ón mbainistíocht shinsearach ceaptha ag an gCoimisiún chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh a chuid oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Freagraíonn sé freisin do gach cumarsáid sa teanga oifigiúil nuair a bhíonn siad i nGaeilge agus eisíonn sé príomhfhoilseacháin i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.

Tuarascálacha Alt 21

Chuir an Coimisiún a Thuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2023 faoi bhráid an Aire Airgeadais i mí an Mhárta 2024, i gcomhréir le halt 21(1) d’Acht 2015.

Le linn 2025, níor thug an Coimisiún aon tuarascáil don Aire Airgeadais de bhun alt 21(5) d’Acht 2015, ná níor iarr an tAire go gcuirfí aon tuarascáil isteach de bhun alt 21(6) d’Acht 2015.

Saoráil Faisnéise

Cuireann an Coimisiún faisnéis chuimsitheach ar fáil ar a shuíomh gréasáin maidir le comhlíonadh na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise (“SF”). Áirítear leis sin scéim foilseacháin a chuireann réimse eolais ar fáil faoin gCoimisiún, faoina fheidhmeanna, agus faoin ábhar a chuireann sé ar fáil don phobal.

Tá faisnéis teagmhála an Oifigigh um Shaoráil Faisnéise agus sonraí maidir le conas iarratas um Shaoráil Faisnéise a chur isteach ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

In 2025, fuair an Coimisiún 6 iarratas um Shaoráil Faisnéise faoin reachtaíocht SF, agus is féidir sonraí a fháil ar an loga nocht ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Cosaint Sonraí

D’fhorbair an Coimisiún Beartas Cosanta Sonraí, mar rialaitheoir sonraí, agus, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 37 den RGCS, ceapadh Oifigeach Cosanta Sonraí (“OCS”). Leanann an tOifigeach Ainmnithe air ag bainistiú socrúithe an Choimisiúin chun comhlíonadh an RGCS a chinntiú. Tá sonraí teagmhála an Oifigigh Phoiblí Ainmnithe ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, mar aon leis an mBeartas Príobháideachais agus sonraí faoi conas iarratas ar Rochtain Ábhair a chur isteach.

In 2025, fuair an Coimisiún iarratas amháin ar Rochtain Ábhair faoin reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí agus d’fhreagair sé é.

Nochtadh Cosanta

Faoi alt 30 den Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach líon na nochtáil cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus aon ghníomhartha a rinneadh mar fhreagairt ar nochtadh cosanta a rinneadh.

Níor chóir go mbeadh daoine a dhéanann nochtadh inaitheanta mar thoradh ar an tuarascáil sin.

Ní bhfuair an Coimisiún aon nochtadh cosanta in 2025.

An tAcht um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Mar a léirítear trína n-áireamh i gcroíluchanna na heagraíochta, leagann an Coimisiún béim láidir ar an gceart chun nósanna imeachta cothroma agus inrochtaineacht chóir i ngach gné dá fheidhmeanna.

Déanann sé a dhícheall a chinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht trí phríosma chearta an duine agus an chomhionannais ar fud na heagraíochta d’fhostaithe agus dóibh siúd a bhíonn ag plé leis an gCoimisiún araon.

Tá an Coimisiún tiomanta d’athbhreithniú leanúnach ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta chun comhlíonadh na n-oibleagáidí faoi alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

In 2025, lean an Coimisiún ar aghaidh ag uasmhéadú a inrochtaineachta digití, ag sceidealú cianéisteachtaí agus ag neartú chumais a chórais nascachta ciosamhairc, agus ag cothabháil modhanna malartacha cumarsáide ag an am céanna. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún feabhas ar inrochtaineacht a shuíomh gréasáin i gcomhréir leis an nGníomh Eorpach um Inrochtaineacht.

Soláthar

Aithníonn an Coimisiún a oibleagáidí maidir le beartais náisiúnta agus AE a chomhlíonadh mar aon le luach ar airgead a sholáthar. Dá bhrí sin, feidhmíonn na nósanna imeachta airgeadais agus soláthair de réir an bheartais agus na rialacha atá leagtha amach i dTreoirínte Soláthar Phoiblí na Roinne Airgeadais lena rialaítear gach gníomhaíocht soláthair agus a chinntíonn go gcomhlíontar cuspóirí agus príomhphrionsabail na hiomaíochta, na córa comhionainne agus na trédhearcachta atá mar bhonn faoi rialacha náisiúnta agus rialacha an AE. Úsáidtear na seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig um Sholáthar Rialtais (“OSR”) agus na creataí soláthair atá i bhfeidhm nuair is gá agus nuair is cuí.

Tá sé mar bheartas ag an gCoimisiún leas a bhaint as gach creat atá ar fáil go lárnach agus dul i dteagmháil leis an OSR sa chás go bhfuil ceanglais níos sainiúla ann.

Teicneolaíocht Faisnéise

Lean an Coimisiún de bheith ag feabhsú a bhonneagair TF agus modhanna nua oibre á dtabhairt isteach trí theicneolaíocht in 2025, agus leagtar amach thíos roinnt príomhshamplaí.

Windows 11

I mí Dheireadh Fómhair 2025, chríochnaigh an Coimisiún i gcomhar leis an OGCIÓ tionscadal imirce Windows 11 OS do gach feiste foirne. Leis an gcóras nua, feabhsaítear agus neartaítear athléimneacht bhonneagar TF an Choimisiúin.

Cianéisteachtaí

Leanann an Coimisiún air ag baint úsáid as cianéisteachtaí/ CBCnna chun achomhairc a chur chun cinn agus chun inrochtaineacht agus comhionannas a mhéadú don phobal maidir le rochtain a fháil ar an bpróiseas achomhairc. In 2025, sceidealaiódh 96 éisteacht agus 5 CBC go cianda.

Maoiniú agus Caiteachas

Déantar an Coimisiún a mhaoiniú trí Vóta 10 de na Meastacháin mar atá ceadaithe ag Dáil Éireann. Ba é €3.929 milliún an leithdháileadh ar an gCoimisiún i 2025.

Leagtar amach sa tábla thíos anailís ar chaiteachas riaracháin an Choimisiúin in 2025.

De réir fhorálacha Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin freagrach as an gCuntas Leithreasa a tháirgeadh agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i gcomhair Vóta 10 faoin 31 Márta. Rinneadh é sin i leith 2025 agus táthar ag súil go bhfoilseoidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntais iniúchta an Choimisiúin níos déanaí sa bhliain mar chuid dá Thuarascáil Bhliantúil 2025 ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí.


	Soláthar Measta 2025	Táirgeacht 2 025*	Táirgeacht 2024
Fo-Cheanteidil Riaracháin	€000	€000	€000
Tuarastail, Pá agus Liúntais (lúide LIC)	3,213	2,737	2,497
Taisteal agus Cothú	6	4	0
Oiliúint agus Forbairt	20	28	19
Seirbhísí Oibriúcháin, Soláthairtí & Trealamh Éagsúla	100	72	66
Infheistíocht Chaipitil Dhigiteach agus Costais TF	350	340	298
Costais Áitribh Oifige	60	40	24
Athbheithnithe Beartas, Seirbhísí Comhairliúcháin agus Taighde	180	90	130
Caiteachas Iomlán	3,929	3,311	3,034

* Tabhair faoi deara nach bhfuil iniúchadh déanta ar fhigiúirí táirgeachta na bliana reatha.



Aguisín 1


Cairt Eagrúcháin





Aguisín 2

An Coiste Bainistíochta agus Rialachas





AN COIMISIÚN UM ACHOMHAIRC CHÁNACH
TAX APPEALS COMMISSION